5. An cleachtas is fearr ó thaobh an tsoláthair ghlaís a chur chun cinn mar léiriú do chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha eile, agus sráth beartas a fhorbairt chun tacú le hastaíochtaí a laghdú.

Téama Straitéiseach Uimh. 3 Cúrsaí Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta

Spríoc Chorpáideach

Forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn, tacú le fiontraíocht agus nuálaíocht, agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhoibrithe a chothú chun acmhainn an Chontae a uasmhéadú.

Cuspóir(i) Tosáíochta

Forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe a threorú le tacáil ón rialtas, chun infheistíocht a spreagadh agus a mhéadú trí oibriú i gcomhar chun seirbhísi, talamh agus bonneagar atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Tacáil a thabhairt chun scileanna, talann agus infheistíocht a mhealladh, agus tacáil a thabhairt d'fiontraíocht agus nuálaíocht, agus gach pobal a neartú ag an am céanna.

Ar mbaile agus ar sráidbhailte a athghnínúint mar ionaid inbhuanaithe d'fhás post agus mar cheann scríbe den scoth chun maireachtáil iontu, le bheith ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu.

Oibriú le comhpháirtithe áitúla, réigiúnacha agus earnála sna hearnálacha gnó, fiontair, pobail agus turasóireachta chun Clártaí a chur chun cinn mar cheann scríbe den scoth le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann, le cuairt a thabhairt air agus le gnó a dhéanamh ann.

Clair agus Straitéisí Tacáíochta

1. Forbairt eacnamaíoch a threorú chun acmhainneacht eacnamaíoch an chontae a uasmhéadú agus bonn eacnamaíoch Clártaí a leathnú ar shíl inbhuanaithe.
2. A chinntiú go ndéantar margáil agus cur chun cinn comhsheasmhach ar Clártaí mar cheann scríbe den scoth le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann, le cuairt a thabhairt air agus le gnó a dhéanamh ann.
3. Próifíl idirnáisiúnta Chiarraí a ardú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
4. Oibriú le pobail chun bailte agus sráidbhailte a athghnínúint mar mhóil bheoga agus chuimsitheacha le haghaidh gníomhachtaí tráchtála, sóisialta, cultúrtha agus pobail.
5. Oibriú le chéile chun a chinntiú gur ceann scríbe turasóireachta inbhuanaithe den scoth é Chiarraí.
6. Comhpháirtíocht a dhéanamh le hearnáil na turasóireachta chun bailte na dturasóirí a shineadh agus cur leis an méid ama a chaitear sa chontae trí eispeireas an chuireora agus táirgí turasóireachta a fheabhsú agus scaipeadh cuairteoirí a spreagadh ar fud an chontae ar shíl inbhuanaithe.
7. Forbairt eacnamaíoch ionchuímsitheach a chur chun cinn agus tacú le trí fhóstaíocht agus fiontraíocht a chumasú ar fud éagsúlachtaí ar bpobal agus ar n-earnálacha.

Spríoc Chorpáideach

Bonneagar agus tithíocht inbhuanaithe agus inrochtana a sheachadadh go héifeachtach chun freastal ar riachtanais ár bpobal, ar ngnóthaí agus ar gcuairteoirí sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

Cuspóir(i) Tosáil

Seachadadh bonneagar inbhuanaithe agus inrochtana agus nasacht fheabhsaithe a chur chun cinn trí chonairí iompair, iompar poiblí, taiséal gníomhach agus modhanna atá neodracha ó thaobh carbóin de a fhorbairt.

A bheith seiftiúil, nuálach agus réamhghníomhach agus gach iarracht a déanamh chun soláthar éifeachtach tithíocht shóisialta, tithíocht inacmhainne agus tithíocht príobháideach a uasmhéadú, agus oibriú go comhoibritheach leis na páirtithe leasmhara iomchuí go léir a bhfuil baint acu le soláthar tithíochta chun dúshláin agus constaicí a dhéanfadh teacht chun cinn a sháru.

Clair agus Straitéisí Tacáil

1. Córas iompair inbhuanaithe éifeachtach inrochtana is comhtháite, agus nasacht agus éascaíocht ghluaiseachta atá ar ardchaighdeán a bhaint amach, laistigh den chontae agus chug an gcontae. Déanfar é seo trí fheabhas a chur ar an mbonneagar iompair straitéiseach atá ann cheana féin, idir an ghreasaín iompair aeir, farraige, bóithre, iarnróid agus iompair phoiblí, agus áiseanna taisil ghníomhaigh a fhorbairt, rud a thabharfaidh éifeacht do phrionsabal an deartha uillíoch.
2. A bheith ar thús cadhnaithe ó thaobh teicneolaíochtaí inbhuanaithe a fhorbairt i soláthar seirbhísí d'úsáideoirí bóithre agus i seachadadh feabhsúcháin ar bhonneagar agus dícharbónú iompair.
3. Bonneagar an fhearainn phoiblí a fheabhsú bunaithe ar phrionsabal an deartha uillíoch, ionas gur féidir le daoine maireachtáil, oibriú, agus teacht ar chultúr agus ar chaitheamh aimsire i dtimpeallacht shábháilte ionchumistitheach agus chairdiúil.
4. Tús áite a thabhairt do chóiríocht inrochtana agus oiriúnach don éagsúlacht a sholáthar, agus an soláthar sin a uasmhéadú, dóibh síd nach bhfuil in ann a gcuid cóiríochta féin a fháil, ag baint leasa as na roghanna éagsúla tithíochta agus inacmhainne a chuirtear ar fáil trí Chlár an Rialtais, Tithíocht do Chách. Stoc tithíochta na Comhairle a bhainistiú agus a chothabháil go héifeachtach agus forbairt pobail inbhuanaithe a eascú. Seirbhísí do dhaoine gan dídean a sholáthar a fhreagróim do shainriachtanais éagsúlachta na ndaoine atá gan dídean agus atá éifeachtach chun na daoine sin a chumasú teacht saor ón easpa díline.
5. Creatlach straitéiseach a sholáthar do phleanáil agus forbairt inbhuanaithe an Chontae.
6. Ar gcalafort, cuanta, céanna, fánáin agus bonneagar muirí a fhorbairt agus a fheabhsú go hinbhuanaithe.

Téama Straitéiseach Uimh. 1 Pobail Chruithaitheacha, Nasctha, Shábháilte agus Shláintúla

Spríoc Chorpáideach

Cur chun cinn a dhéanamh ar chumisiú sosisiata, comhionannas, cearta an duine agus bearta a thacaíonn le daoine breacaosta trí rannpháirtíocht ghníomhach agus comhoibriú chun pobail rathúla, uillechumistitheacha, shláintúla, shábháilte agus inrochtana ina bhfuil braistint láidir muintearais a chinntiú.

Cuspóir(i) Tosaithe

An timpéallacht shóisialta agus thógtha a chosaint trí rannpháirtíocht, struchtúir, próisis agus tacaíocht pobail a chur ar fáil a chumasáil agus éagsúlacht ar ndaoine agus ar bpobal. Acmhainneacht a mhéadú chun lígean do phobail freastal a dhéanamh ar na riachtanais atá le fáil i dtimpéallacht atá ag athrú trí síte nua a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh le pobail áitiúla, ag déanamh gach iarracht a chinntiú go bhfuil seirbhísi na Comhairle nasctha, inrochtana, ionchumistitheach agus so-úsáidte do chustaiméirí, agus go ndéanann siad cur chun cinn ar phobail shláintúla agus ar an gcomhionannas, agus go gcuirtear Ciarraí chun cinn mar chontae a thacaíonn le daoine breacaosta.

Clair agus Straitéisi Tacaithe

1. Na pleannanna, beartais, seirbhísi agus clair iomchuí a chur i bhfeidhm lena chinntiú gur áit i Ciarraí a aithníonn agus a fheagráil do na sainriachtanais atá ag pobail ilghnéitheacha, a léiríonn meas ar a chultúir, teangacha agus oidhreacht shábhair ilghnéitheach, agus a chuireann deiseanna ar fáil do chách.
2. Leanúint ar aghaidh lenár Leabharlanna, Ealaíona, Seirbhísi Músaem agus Comhpháirtíocht Caitheamh Aimsire agus Spóirt a fhorbairt agus a fheabhsú chun inrochtaineacht a chinntiú agus ar bpobail éagsúla a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhachtaí spóirt agus áineasa agus sa saol cathartha chomh maith, agus taitneamh a bhaint as cultúr agus oidhreacht shábhair an Chontae
3. Tacú le comhtháthú idirchultúrtha daoine nua a thagann isteach ina bpobail óstacha i GClarraí.
4. A chinntiú go leanfar ar aghaidh lenár bpeanáil maidir le Seirbhísi Dóiteáin, ar Seirbhísi Cosanta Sibhialta, agus ar bpleanáil Bainistíochta Móréigeandála, ag soláthar cosanta agus tacaíochta do n-óibreimíid i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus i gcomhréir le beartais náisiúnta chuige sin.
5. Straitéis Chiarraí maidir le sábháilteacht ar bhóithre a threorú chun líon na mbásanna agus na ngorruithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú.
6. Tacú le clair a dhéanann ceiliúradh ar éagsúlacht agus cumisiú inár bpobail.

An Ghaeilge

Aithnítear Contae Chiarraí mar áit atá saibhir ó thaobh an chultúir de agus ina bhfuil an Ghaeilge i gcroílár ár bpobail, go háirithe i nGaeltachtaí Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh ina labhairtear an Ghaeilge go laethúil. Déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí forbairt na Gaeilge a chur chun cinn agus a thacú.

Príseas Comhairliúcháin

Agus an Plean Corparáideach seo á ullmhú, rinne Comhairle Contae Chiarraí ionchur a lorg ó pháirtithe leasmhara imhEANACHA agus seachtreacha. Reáchtáladh srath ceardlann le comhaltai tofa agus baili foirne, chomh maith le seisiún eolais dár gCoiste Comhpháirtíochta san Ionad Oibre. Ina theannta sin, lorgaíodh ionchur an phobail go ginearálta tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus an suirbhé ar líne chun tuairimí an phobail a fháil. Is léiriú é sin ar an gCuspóir atá againn a chinntiú go dtuigimid riachtanais ár bpobail agus ár bpáirtithe leasmhara agus go n-oibrimid i gcomhpháirtíocht leo chun comhchuspóirí a sheachadadh don Chontae.

Creat an Phlean Chorpáidigh

Agus iad treoirthe ag ár bhFis is ár mBunchnuspóir, agus ár Luachanna mar bhonn taca fúthu, is iad seo na cúig Théama Straitéiseacha atá mar bhonn ag an gComhairle chun ár seirbhísí agus ár mbonneagar a sheachadadh i rith na tréimhse go dtí 2029. Leagtar amach sa phlean ráiteas soiléir maidir leis an saghas contae atá uainn amach agus an obair a dhéanfaimid mar Chomhairle Contae, i gcomhar le páirtithe leasmhara, chun ár bhFis a chur i ngníomh.

Téama 1: Pobail Chruthaitheacha, Nasctha, Shabháilte agus Shláintiúla

Téama 2: Bonneagar, Tithíocht agus Athghiniúint Straitéiseach

Téama 3: Cúrsaí Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasoireachta

Téama 4: Comhsaol agus Aeráid

Téama 5: Eagraíocht agus Daoine

Táthar tar éis **Spríocanna Corparáideacha agus Cuspóirí Tosáíochta** atá mar bhonn agus mar thaca ag na cúig théama seo a shainiádh. Treoróidh sé seo an Plean Bliantúil um Sheachadadh Seirbhíse don Chomhairle, na Pleananna Oibríocháin do gach Stiúthóireacht agus an Plean Forbartha Pearsanta do gach ball foirne. Chomh maith leis na Táscairí Feidhmiúcháin Náisiúnta atá ann cheana féin, sainiádhneoidh an Chomhairle príomhtháscairí eile chun an fheidhmiúcht agus an dul chun cinn atá déanta i ndáil le spríocanna agus cuspóirí tosáíochta an Phlean Chorpáidigh a thomhas agus a rianú, agus déanfar athbhreithniú orthu go bliantúil tríd an bPlean Oibríocháin agus príseas an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (CBFF).

An Creat Pleanála Náisiúnta

Beidh aird ag Comhairle Contae Chiarraí ar na 10 dTordh Straitéiseacha Náisiúnta mar a leanfar amach iad sa Chreat Pleanála Náisiúnta - Tionscadal Éireann 2040 agus ar spriocanna comparáideacha a gus ar gcuaspóirí tosáil a leagan amach sa Phlean Comparáideach seo.



Ar bhfoireann

Ba mháth linn a chinníú go dtugtar tacaíocht iomlán dár bhfoireann ina ról chun raon leathan seirbhísí a sholáthar agus a sheachadadh do chónaitheoirí, pobail, cuairteoirí agus gnólaichtaí ar fud Chiarraí.

Bainistíocht Airgeadais

Leantar ar aghaidh ag bainistíú acmhainní airgeadais Chomhairle Contae Chiarraí ar shli stuma chun seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí a chinníú ar fud na heagraíochta, rud a éascóidh cur chun cinn spriocanna na Comhairle maidir le caighdeán beatha na gcónaitheoirí a fheabhsú, cuairteoirí a mhealladh agus infheistíocht a dhéanamh.



Tá sé tábhachtach agus na cuspóirí a socru faoin bPlean Corparáideach go dtugtar aird ar Spriocanna Forbartha Inbhanaithe (SFlanna) na Náisiún Aontaithe, chomh maith le mapáil a dhéanamh ar cé acu de na SFlanna a rannchuideoidh na cuspóirí leo.

Spriocanna Forbartha Inbhanaithe na Náisiún Aontaithe

chultúr na heagraíochta.

mheas, rannpháirtíocht, cuimsiú agus ceartas sóisialta a chur chun cinn agus a thacú mar chosaint ar fud ár bhfeidhmeanna go léir. Déanann Comhairle Contae Chiarraí cultúr de deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a Tá Comhairle Contae Chiarraí tiomanta do Dhualgas na hEarnála Poiblí, agus í ag iarraidh

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Glactar le Plean Aitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí go luath in 2025. Leagtar amach sa phlean 6 bliana seo fis d'fhorbairt an chontae, spriocanna agus cuspóirí ardleibhéal agus na gníomhartha is gá chun forbairt eacnamaíoch agus pobail a chur chun cinn agus tacáil a thabhairt don fhorbairt sin, i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara.

Forbairt Phobail

Tá breis agus 1800 fiontar sa chontae ina bhfuil 10,560 duine fostaíthe in earnáil na turasoíreachta. Tá Contae Chiarraí tiomanta do bhainistiúcht inbhanaithe a dhéanamh ar an turasoíreachta. Tá tionscal na turasoíreachta agus Comhairle Contae Chiarraí ag obair le chéile chun ár n-oidhreacht nádúrtha agus ár n-oidhreacht chosanta a chaomhnú agus an turasoíreachta. Tá tionscal na turasoíreachta i ngeilleagar an chontae, tá soláthar éifeachtach i bhfiainise ról suntasach na turasoíreachta i ngeilleagar an chontae, tá soláthar éifeachtach raon cuimsitheach de sheirbhísí comhsaoil rithábhachtach chun cáil Chiarraí a chosaint mar áit álainn gan mhilleadh le maireachtáil ann agus le cuairt a thabhairt air.

Turasóireacht

Ar Comhsaoil a chosaint

Tá gá le beartas agus clair straitéiseacha chun fás a bhru chun cinn agus chun poist agus deiseanna inbhanaithe a chruithú a neartóidh pobail áitúla agus a chuirfidh Ciarrail sa riocht ceart mar shuíomh gnó náisiúnta agus domhanda atá thar a bheith íomáloch.

Forbairt Gheilleagrach

Timpeallacht Oibriúcháin Reatha

Tá obair shuntasach le seachadadh ag Comhairle Contae Chiarraí ar fud na bpríomhréimsí seo a leanas: tithíocht, iompar, an comhshaoil, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail agus forbairt eacnamaíoch. Is rud buanseasmhach é cumas an rialtais áitiúil freagairt don athrú agus is bua mór dar gcóras, dar n-eagraíocht agus dar lucht saothair é sin. Léirithear an bua seo sa fhreagairt a thugamar ar thionchar na ndúshlán geopholaitiúil, eacnamaíoch agus aeráide sa chontae. I measc ár bpríomhthosaíochtaí, tá:

Tithíocht a chur ar fáil

Is príomhdhúshlán agus tosaíocht fhoriomlán é cúrsaí tithíochta ar bhonn náisiúnta agus laistigh den chontae seo chomh maith. Tá Clár Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne Chomhairle Contae Chiarraí a spreagadh ag spríocanna arna sannadh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoin bplean “Tithíocht do Chách”:

Gníomhú ar son na haeráide ar bhonn áitiúil

Leagtar amach i bPlean an Udarais Áitiúil um Ghníomhú ar son na haeráide 2024-2029 mar a thacóidh Comhairle Contae Chiarraí le laghdú astuithe gáis cheaptha teasa ar fud sheirbhísí na Comhairle, chomh maith le leas a bhaint as ár ról go ginearálta maidir le tionchar a imirt ar earnálacha eile chun a gcuid spríocanna agus uailmhianta féin a bhaint amach.

Iompar agus Nascacht

Tá inrochtaineacht fheabhsaithe idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus nascacht fheabhsaithe laistigh den chontae rithábhachtach chun tacú lenár ngeilleagar agus turasoireacht a fhorbairt agus chun pobail inbhanaithe a neartú agus tacaíocht a thabhairt leo.

Taisteal Cliste

Tá sé rithábhachtach don Chontae seirbhísí iompair phoiblí (iarnród, bus agus aer) atá ar ardchaitheamh a sholáthar. Tá ár bhfoireann taistil ghníomhaigh ag cur glasbhealaí agus réitigh taistil chliste ar fáil ar fud Chontae Chiarraí.

Athghníúint agus Taitneamhachtaí


Tá clár mór um athghníúint uirbeach agus tuaithe, spóirt agus taitneamhachtaí ar bun ar fud Chiarraí. Cuirfidh na tionscadail seo go mór lenár mbailte, lenár sráidbhailte agus lenár gceantair thuaithe.

Pleanáil agus Forbairt Inbhanaithe

Chun an fás réamh-mheasta a bhaint amach ó thaobh dhaonra Chontae Chiarraí, beidh gá le hinfhéistíocht shuntasach a dhéanamh i mbonnagar agus i seirbhísí chun tacú ar shíl inbhanaithe leis an daonra seo atá ag fás

Is é an Príomhfheidhmeannach atá i gceannas ar fheidhmeannas na Comhairle a chuímsíonn Stúirthóireachtal éagsúla. Tá Stúirthóir Seirbhísi i gceannas ar gach Stúirthóireacht agus tá Aonaid Ghnó éagsúla le fáil i ngach Stúirthóireacht chomh maith, agus iad freagrach as raon leathan seirbhísi, feidhmeanna rialála agus príomhfheidhmeanna eile. Tugann an Príomhfheidhmeannach comhairle agus cúnaimh don Chomhairle thosa leis maidir lena ról a chomhlíonadh. Oibríonn comhaltai tofa agus bainistíocht na Comhairle go straitéiseach le chéile agus i gcomhar le páirtithe leasmhara.


Struchtúr Eagrúcháin na gComhaltai Tofa



Ceantair Bhardasacha

Tá an contae roinnte i gcúig Cheantar Bhardasacha (limistéir riaracháin) ar fud an chontae agus tá ballraíocht Chomhairleoirí na gCeantar Bardasach seo leagtha amach mar seo a leanas: Trá Lí (7 comhaltai) Cill Airne (7 comhaltai) Oileán Ciarraí / Corca Dhubhne (7 comhaltai) Lios Tuathail (6 comhaltai) Neidín (6 comhaltai)

Map of Kerry Municipal District Areas




Is ionann buiséad ioncaim bliantúil 2025 do Chomhairle Contae Chiarraí agus thart ar €226.5m. Chomh maith leis sin, leanann an Chomhairle ar aghaidh ag infheistiú i mbonneagar an chontae trína Chlár Infheistíochta Caipítíl. Is ionann Clár Caipítíl na Comhairle, 2025-2027 agus thart ar €690.3m, rud a chinnteoidh infheistíocht i mbonneagar tithíochta, iompair, taitneamhachtaí, pobail, comhsaoil agus cultúrtha. Tá thart ar 1,500 fostaí ag obair i gComhairle Contae Chiarraí agus déanann an Fhoireann Ard bhainistíochta oibríochtaí na Comhairle ó lá go lá a bhainistiú, de réir an bheartais atá leagtha amach ag na Comhaltai Tofa.

GEILLEAGAR CHIARRAÍ



IS IONANN LEIBHEÁL IONGAIM INDÚSCARTHA CHIARRAÍ IN AGHÁIDH AN DUINE AGUS 87.7% DE MHEÁNIONGAM INDÚSCARTHA AN STÁIT. TÁ GIARRAÍ INA CHUID DE RÉIGIÚN DINIMICIÚIL AN IARDHEISICIRT ARB IONANN É AGUS 25% DEN OLL-BHREISLUACH SA STÁT.



FIONTRAÍOCHT



11,596

GNÓLACHT I GIARRAÍ IN 2021

LUCHT SAOTHAIR



72,243

LÍON NA NDAOINE SA LUCHT SAOTHAIR (AIRÉAN 2022)

58.1%

RANNPHÁIRTÍOCHT SA LUCHT SAOTHAIR

FIR 63.7% MNÁ 52.6% (AIRÉAN 2022)

12.48%



TÁ AN GÉATDÁN IS AIRDE DE GHNÓTHAÍ TURASÓIREACHTA IN ÉIRINN I GIARRAÍ



5.3%

FOSTAÍOCHT LAIDIR I DTIONSCAIL

THRAIDISIÚNTA AMHAIL FEIRMEOIREACHT AGUS ÓSTÁIN / COIRÍOCHT



4.5%

+66%

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

+15.2%

EALAIONA GRUTHAITHÉACHA & SIAMSAÍOCHT

+16.7%

AN SCIAR DE DHAONRA CHIARRAÍ ATÁ ROCHTAIN AGU AR AN IDIRLÍON - IS ARDÚ SUNTASACH É SIN Ó 20 16. STATISTICS ON BRÍOMH-DIFIG STADAINM 2022



AN TIDIRLÍON

77,305



(2019-2022)

EARNÁLACHA ARDFHÁIS



TÁ LEIBHEÁL RÉASÚNTA ARD STOC TITHÍOCHTA I GIARRAÍ, TÁ RÁTA FOLÚNTAIS GIARRAÍ (11%) ARD CHOMH MAITH I GCOMPARÁID LE MEÁN AN STÁIT ATÁ 7.7%. LEIRIÓNN AN MEÁNPHRAGHAS TÍ GUR ÁIT AN-MHAITH É GIARRAÍ LE MAIREACHTÁIL ANN (IUIL 2023)

Próifil Chomhairle Contae Chiarraí

Is í Comhairle Contae Chiarraí an phríomheagraíocht seirbhíse poiblí sa chontae agus tá sí freagrach as an raon iomlán de sheirbhísí rialtais áitiúil a sholáthar.

Reáchtáiltear toghcháin na Comhairle gach 5 bliana agus toghadh Comhairle nua i mí an

Mheithimh 2024. Fantaidh an Chomhairle seo in oifig go dtí 2029. Toghadh go daonlathach

na 33 comhalta atá ar an gComhairle agus feidhmíonn an Chomhairle mar aonad ceaptha

beartais an údaráis áitiúil. Déanann na comhaltaí seo ionadaíocht ar a bpobail agus

feidhmíonn siad mar fhóram daonlathach chun ionadaíocht agus cur in iúl a dhéanamh

ar leasanna áitiúla, rud a sholáthraíonn ceannaireacht thábhachtach chathartha i gContae

Chiarraí. Chomh maith leis sin, roghnaítear comhaltaí tofa mar chomhaltaí de bhoird agus de

choistí eile a bhaineann le líon mór gníomhaireachtai poiblí eile a fheidhmíonn go réigiúnach

agus go háitiúil. I measc na bpríomhfheidhmeanna forchoimeáda a chomhlíonann na

comhaltaí, glacann siad leis an mbuiséad bliantúil, Pleananna Forbartha reachtúla, beartais

agus fodhlíthe.

Táimid faoi threoir chomh maith ag Spriocanna Forbartha Inbhanaithe na NA agus na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta mar chuid de Thionscadal Éireann 2040.

Próifíl Chontae Chiarraí

Tá Ciarraí suite ar chósta thiar theas na hÉireann, clúdaithe le 4,807km cearnach agus é taobh le Corcaigh ar an taobh thoir agus Luimneach ó thuaidh. Tá clú agus cáil ar fud an domhain mhóir ar Chiarraí mar gheall ar a chósta, ar a thránna gainimh, ar a thiridhreacha garbha agus toisc go bhfuil cuid de na beanna sléibhe is suntasaí ar domhan le fáil ann. Is láidir an fhéiniúlacht atá ag Contae Chiarraí ó thaobh cúrsaí cultúir, oideachais, pobail agus spóirt de. Tá dhá cheantar Gaeltachta sa chontae a bhfuil ról tábhachtach acu ó thaobh oidhreacht, theanga agus chultúr an chontae a chaomhnú. Mar a léirítear thíos, tá daonra Chiarraí ag méadú agus ag éirí níos éagsúla. Is contae tionscanta é Chiarraí ina bhfuil an turasoireacht breá láidir, ach ina bhfuil bonn eacnamaíoch le fáil chomh maith agus é ag dul i méid, rud a léiríonn an t-ardleibhéal nuálaíochta agus fiontraloachta atá ann ar fud an chontae.

DAONRA CHIARRAÍ
156,458


FOINSE DAONÁIREAMH AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH 2022




TÁ MÉADÚ TAGHTA 6% ó 2016

IS IONANN DAONRA CHIARRAÍ AGUS 3% DE DAONRA NA HEIREANN

IS É 41.5 BLIAIN MEÁNÁIS NA GCONATHÉORÍ I GCIARRAÍ



MONDEALÚ AR AN DAONRA



CIARRAÍ CONTAE SLAINTEUIL

STATISTICI ÓN BPRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH, 2022



33,810
DAONAE FAOI MHÍGHUMAS



24,664

AN LÍON DAONAE I GCIARRAÍ A LABHRAÍONN AN GHAELIGE GO SEACHTAINIÚIL NÓ NÍOS MINICE. TÁ CÓNÁI AR 9.3% DE LUCHT LABHARTHA NA GAELIGE SA STÁT I NGAELTACHTAI CHIARRAÍ



Ar bhFis, Ar mbunchuspóir agus Ar Luachanna

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach creat straitéiseach na Comhairle agus gníomhaíochtaí atá le déanamh amach anseo i rith théarma na Comhairle go dtí 2029. Is compháirt lárnach é d'ailtireacht ghnó na Comhairle, ag nascadh príomhghnéithe cosúil le beartas, eagraíocht, gníomhaíocht oibríúcháin, rialachas agus bainistíocht feidhmíochta ann. Deartar é le feidhmiú mar spreagadh d'fhorbairt eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus inbhanaitheacht chomhsaoil Chontae Chiarraí. Leagtar amach ann fis, bunchuspóir agus luachanna Chomhairle Contae Chiarraí.

Fis

Treorídh agus tacóidh Comhairle Contae Chiarraí ar shli ionchumistitheach le forbairt inbhanaithe an chontae, ag cinntiú gur áit i Chiarraí a bhfuil an-tóir uirthi mar áit le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann, le cuairt a thabhairt air agus le hinflheistíocht a dhéanamh ann, agus mar scothláthair chun taitneamh a bhaint as agus chun dul i mbun nuálaíochta, foghlama agus gnó ann.

Bunchuspóir

Seirbhísí agus bonneagar den scoth a sheachadadh go bródúil agus go héifeachtach dár gcónaithéoirí, dár bpobail, dár ngníochtaí agus dár gcuairteoirí, agus cothú, cosaint agus ceiliúradh a dhéanamh ag an am céanna ar thimpéallacht uirbeach agus tuaithe, ar phobail éagsúla, agus ar oidhreacht shabhair chultúrtha, ealaíne, oidreachais agus teanga nathúil an chontae.

Luachanna

Agus an Plean seo á chur i bhfeidhm, beidh na crolluachanna seo a leanas ina dtreoir ag Comhairle Contae Chiarraí:

- Béim ar Dhaoine agus ar an Pobal:** Rachaimid i dteagmháil lenár bpobail uirbeacha is tuaithe agus tacóimid leo mar sprioc na seirbhísí agus na taitneamhachtaí poiblí den scoth a chuirimid ar fáil.
- Ceannaireacht Chathartha:** Soláthróimid ceannaireacht shoiléir dhaonlathach agus chathtartha, déanfaimid plé lenár bpobail agus oibreóid ar shli chomhoibrítheach lenár bpáirtithe leasmhara chun forbairt Chontae Chiarraí a chur chun cinn.

- Meas, Iontaobh, Macántacht agus Ionracas:** Déanfaimid cumarsáid éifeachtach, ag léiriú cúirtéise, cothroime agus measa, agus coinneóid agus léireóid muinín, macántacht, ionracas agus oibachtúlacht inár gcinntí agus inár ngníomhartha.
- Cuntasacht agus Trédhearcacht:** Oibreóidimid i gcónaí ar mhaithe le leas an phobail agus beimid freagrach, cuntasach agus trédhearcach inár gcinnteoireacht agus inár ngníomhartha, agus táimid tiomanta dá chinntiú go gcomhlíontar ár bhfeidhmeanna ar na caighdeáin is airde.

- Nuálaíocht agus Eifeachtúlacht:** Lorgóimid slíte nuálaíochta agus éifeachtúla chun ár seirbhísí a sheachadadh go héifeachtach ar bhealach freagrach agus oiriúnaitheach.
- Inbhanaitheacht agus Athrú Aeráide:** Cuirfidimid fás cothrom inbhanaithe chun cinn, rud a dhéanfaidh ár dtimpéallacht agus ár bpobail a chosaint agus oibreóid ar shli chóir chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an athraithe aeráide.
- Éagsúlacht agus Dualgas na hEarnála Poiblí:** Déanfaimid oidhreacht agus cultúr sainiúil Chiarraí a cheiliúradh agus a chothú, agus cuirfidimid fáilte roimh an éagsúlacht agus éiteas an mhuintearais sa phobal agus déanfaimid ceiliúradh orthu.

Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh

Is contae uathúil, uailmhiánach agus acmhainneach é Chiarraí. Lena grúpaí pobail láidre agus oidhreacht shábhair, is áit mórtasach, failteach rí ina bhfuil an nuálaíocht faoi bhlaith agus déantar éagsúlacht a cheiliúradh.

Le blianta beaga anuas tá infheistíocht shuntasach ón earnáil phoiblí agus ón earnáil príobháideach feicthe againn. Tá feabhas tagtha ar an gcontae mar áit chónaithe, tá níos mó deiseanna ann do ghnólaíocht, d'infheistíocht agus d'fostáíocht, áit mealltach do thurasóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is cinnte go bhfuil an infheistíocht seo ag cur lenár saoi pobail, cultúrtha agus spóirt chomh maith.

Teastáil ón Chomhairle Contae Chiarraí an dul chun cinn seo a chothú, trínár bpobail a neartú, ag tacú le turasóireacht inbhuanaithe, agus ár ngeilleagair éagsúil a fhorbairt. Chun é seo a dhéanamh ní mór dúinn ár ról a thuiscint maidir le tabhairt faoi na príomhdhúshláin atá roimh Chiarraí; tithíocht, athrú aeráide, nascacht agus bonnagar. Déanfaimid iarracht leanúnach feabhas a chur ar ár mbaile agus ar sráidbhailte mar áiteanna cónaithe agus mar áiteanna chun cuairt a thabhairt orthu; áiteanna do gach aois ghrúpa ina ndéantar feabhas a chur ar shláinte agus ar leasa na ndaoine.

Leagann an Plean Corparáideach seo fis agus misean amach do Chomhairle Contae Chiarraí a dhírionn ar fhorbairt inbhuanaithe an Chontae a threorú agus bonnagar agus seirbhísí a sholáthar dár bpobail éagsúla. Leagann sé amach na luachanna trína ndéanfaimid ár ngnó. Tá sé tabhachtach go gcuireann sé daoine i gceartlár gach a ndéanamuid. Oibreoidh lena chinníú go bhfaighfeann ár bhfoirne thar gach stiúthóireacht den Chomhairle tacáíocht ina gcuid oibre chun raon leathan seirbhísí a sholáthar do mhuintir Chiarraí.

Beidh Comhairle Contae Chiarraí, ag obair le pobail, le heagraíochtaí ionadálacha gnó, agus le raon leathan páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, chun leas a bhaint as acmhainn an Chontae i ndomhan atá ag athrú. Cothóimid cultúir nuálaíochta agus lúthchaidreachta chun a chinníú gur féidir linn dul i ngleic le himeachtaí agus treochtaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin seo, oibreoidh Comhairle Contae Chiarraí lenár gcomhpháirtithe chun a chinníú gur áit i Chiarraí ina mbráithreann gach duine ann muintearas.

Táim ag súil le bheith ag obair leis na foirne i gComhairle Contae Chiarraí, na hionadaithe tofa, na grúpaí pobail agus na geallsealbhoirí go léir chun cuspóirí an phlean seo a bhaint amach.

Fearghal Ó Riada

Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chiarraí



Réamhrá an Chathaoirligh

I mo cháil mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chiarraí, is cúis áthais dom Plean Corparáideach na Comhairle don tréimse 2024-2029 a chur i láthair.

Leagtar amach sa phlean seo treo straitéiseach, fis agus cuspóirí Chomhairle Contae Chiarraí sna cúig bliana atá amach romhainn. Is modh luachmhar do Chomhairle Contae Chiarraí an phlean seo chun cuspóirí agus gníomhartha ardleibhéil a leagan amach agus a chur i bhfeidhm thar an raon leathan seirbhísi a chuirimid ar fáil.

Ag crolláir an phlean seo, tá fis agus bunchuspóir na Comhairle ar seirbhísi a sheachadadh ar shli ionchumistitheach.

Aithnítear cúig phríomhthéama straitéiseacha sa Plean Corparáideach seo

1. **Pobail Chruthaitheacha, Nasctha, Shábháilte agus Shláintiúla**
2. **Bonneagar, Tithíocht agus Athghiniúint Straitéiseach**
3. **Cúrsal Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasoíreachta**
4. **Comhsaol agus Aeráid**
5. **Eagraíocht agus Daoine**

Agus Comhairle Contae Chiarraí an comhlacht a thoghtar go daonlathach sa chontae agus a bhfuil an t-údarás agus an dlísteanacht aige ionadaíocht a dhéanamh ar ár bpobail, tá ról lárnach ag comhaltai tofa Chomhairle Contae Chiarraí a chinntiú go bhfuil cuntasacht ann ó thaobh na spríocanna corparáideacha a aithnítear faoi gach ceann de na téamaí straitéiseacha seo a bhaint amach. Mar chomhaltai tofa, bímid ndlúth-theamal leis na daoine dá ndéanamid ionadaíocht, agus i gcomhar le bainistíocht na Comhairle, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go léirítear riachtanais agus éilimh ár bpobal i straitéisí, pleananna, beartais agus clár oibre uile na Comhairle. Oibreoidh mé féin agus mo chomhghleacaithe ar shli dhearfach le bainistíocht agus foireann na Comhairle chun dul i ngleic leis na dúshláin áitiúla atá romhainn agus an phlean seo a chur i ngníomh sna blianta amach anseo. Is í príomhaidhm Chomhairle Contae Chiarraí cáilíocht na beatha a fheabhsú do mhuintir uile ár gcontae aoi bhinn uathúil.

Mar Chathaoirleach, táim ag súil le dul i mbun oibre le mo chomhchomhaltai tofa, le bainistíocht agus foireann Chomhairle Contae Chiarraí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun todhchaí ghealltáil a sholáthar dár bpobail go léir.

Breandán Mac Gearailt
Cathaoirleach, Comhairle Contae Chiarraí



CLÁR ÁBHAI R

1 Réamhrá an Chathaoirigh

2 Brollach an Phríomhfhéidhmeannaigh

3 Ar bhFis, Ar mbunghospóir agus Ar Luachanna

4 Próifíl Chontae Chiarraí

5 Próifíl Chomhairle Contae Chiarraí

8 Timpeallacht Oibriúcháin Reatha

11 Creat an Phlean Chorpáidigh



2024 - 2029

PLEAN CORPARÁIDEACH

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

